Polaiteoirí na Carraige Duibhe

Tá traidisúin mór spóirt i gColáiste na Carraige Duibhe, agus tá cáil air mar scoil rugbaí. Ach, ní féidir a shéanach ach gur tháinig roinnt desna polaiteoirí is tábhachtaí dár stáit ón scoil seo. Ina measc tá : Éamon De Valera, Barry Andrews, Airt Ó Conaire, agus Ruairí Quinn.

Airt Ó Conaire (1888-1950)

Polaiteoir, Dlíodóir agus Breitheamh. Rugadh é sa bhliain 1888. Fuair sé a chuid oideachais inár scoil agus rinne sé staidéar ar an innealtóireacht i gColáiste Na Trionóide agus bhain sé céim amach sa bhliain 1911.

Barry Andrews (1967-)

Is polaiteoir de chuid Fianna Fáil é Barra agus is Teachta Dála é do Dhún Laoghaire. Is Aire Stáit do pháistí é ó Bhealtaine 2008. Is as teaghlach láidir polaitúil é. Bhí a sheanathair, Todd Andrews agus a sheanmhathair Mary Coyle páirteach go mór le poblachtánachas na 20í.

Ruairí Quinn (1946-)

Is polaiteoir é Ruairí leis an Lucht Oibre. Fé láthair, is Teachta Dála é d' Oirdheisceart BÁC. B'é Aire Airgeadais na tíre óna blianta 1994 go 1997 agus b'e ceannaire an lucht Oibre óna blianta 1997 go 2002.

Éamon De Valera

Ní féidir a shéanadh ach gurb é Éamon De Valera an polaiteoir is cailiúla a tháinig ón scoil seo riamh. Ba ghaelgeoir óg é a bhí gníomhach i gcúrsaí na Gaeilge ag an am. I 1908, Bhí ina bhall de Chonradh na Gaeilge, nuair a bhuail sé lena ghrá, Sinéad Flanagan, múinteoir agus ceithre bliana níos sine ná é.

Cé go raibh sé gníomhach i gcúsaí cultúrtha na Tíre, thosaigh sé ag glacadh páirte sa réabhlóid pholaitiúil sa bhliain 1913. Tar éis an chéad chogadh domhanda níorbh fhada ná go raibh sé ina cheannaire don chomplacht i nDomhnach Broc. Ina dhiaidh sin, bhí páirt mhór aige in Éirí Amach na Cásca 1916. Is stair é ina dhiaidh sin...

Paul Moloney.